

NICILT'S IRISH ESSAY COMPETITION

WINNING ESSAYS

1ST PLACE: EIMEAR MCKERR

ST. CATHERINE'S COLLEGE, ARMAGH

An Tábhacht a Bhaineann le Teangacha a Fhoghlaim

Tá seanfhocal gairid gonta ann, ach ar fiú fiche focal é. 'Tír gan teanga is tír gan anam'. Nach fíor dó, cad é atá i dtír mura bhfuil teanga aici agus cé chomh bocht agus atá muid gan teangacha a fhoghlaim? Is féidir linn cur go mór lenár saol trí theangacha a fhoghlaim agus is é sin an fáth ar mhaith liom fíorthábhacht fhoghlaim na dteangacha a phlé.

Tá foghlaim teangacha chomh tábhachtach sin, i mo bharúil. Tá a stair féin agus a gcultúr féin ag gach tír. Is áille é cultúr a chéile a roinnt agus a bhlaiseadh trí theangacha a fhoghlaim, fiú mura bhfuil ann ach cúpla frása, agus tugann sé tuiscint chuimsitheach dúinn den domhan thart orainn.

Tá sé léir don dall go gcruthaíonn foghlaim teangacha braistint phobail. Agus an Ghaeilge á foghlaim agam ar feadh mo shaoil, is iad na daoine sin a d'fhoghlaim an Ghaeilge liom a bhfuil

gaol láidir agam leo mar tá paisean i leith na Gaeilge againn. Nuair a fhoghlaimíonn tú teangach cruthaítear cairdeas ar feadh an tsaoil agus an seans le dul agus am a chaitheamh i measc an phobail sa tír féin, bíodh sé sa Ghaeltacht ar mhalartú scoile nó bliain amuigh ar ollscoil.

Trí theangacha a fhoghlaim, is iomaí deis atá agat fosta. Tá níos mó deiseanna fostaíochta ann ar na saolta seo i ngach tionscal, ón teagasc go dtí cúrsaí aistriúchán agus fiú léiriú teilifíse, raidió agus ar na meáin shóisialta! Tá na deiseanna gan teorainn agus tá deiseanna ann inar féidir leat d'eolas ar theanga a fhorbairt ar bhealach atá spráúil agus a mhúineann duit nach don seomra ranga amháin an teanga, ar léithéidí Duolingo nó Linguascope.

Mar fhocal scoir, is mó an tábhacht a bhaineann le teangacha a fhoghlaim ná a bheith in ann rud éigin a scríobh ar do CV nó rud éigin le bheith bródúil as. Tá foghlaim teangacha ag leathnú ár n-intinn, ag forbairt comhthuisceana idir daoine ó chúlraí éagsúla agus spreagann sé tuiscint agus meas ar chultúir agus ar theangacha eile.

2ND PLACE: EVA SCOTT

ST. LOUIS GRAMMAR SCHOOL, BALLYMENA

Dar liom, tá go leor cúiseanna le teangacha a fhoghlaim. I dtús baire, soláthraíonn a lán teangacha deiseanna do dhaoine ar fud fad an domhain. Is cinnte go gcuidíonn teangacha le turasóireacht, tuiscint agus eacnamaíocht na tíre. Mar shampla, is féidir le duine dul ar ollscoil nó post a fháil i dtír eile dá mbeadh teanga na tíre ar a thoil aige. Chomh maith leis sin, bheadh an deis ag duine taisteal ar fad na cruinne, ag caint le muintir na háite agus táithí nua a fháil ar an saol. Tá teangacha an-tabhachtach de thairbhe gur cuid tabhachtach de chultúr na tíre iad.

Ar an drochuair, mura labhraítear teanga a thuilleadh beidh an ghné sin den chultúr imithe chóiche. Tá níos mó na seacht míle teangacha labhartha ar fud an domhain ach in Éirinn níl ach seacht déag faoin gcéad den daonra ábalta teanga eile a labhairt seachas an Béarla. Is minic a théann daoine thar lear go tíortha eile agus ní labhraíonn said ach Béarla amháin. Is léir go bhfuil said beág beann ar an teanga eile agus sílim féin go bhfuil sin drochmhúinte agus aineolach. Ar bharr sin, nuair a thagann daoine ó thíortha eile go tíortha ina labhraítear Béarla mar phríomhtheanga, tá muintir na tíre sin ag dúil le Béarla a labhairt leo fosta. Nach bhfuil áit fágtha do theangacha ghalánta eile an domhain?

Is é mo bharúil go gcaithfidimid teangacha nua a fhoghlaim ag aois iontach óg, sa bhaile agus ar an bhunscoil. Le bheith ar an leibhéal céanna le tíortha eile ar domhain, caithfidh muintir na hÉireann teangacha eile a theagasc agus bheith ábalta iad a labhairt ar fud na cruinne. Cuideoidh sin le daoine, tíortha agus dearcaidh a cheangal le chéile. Cruthóidh sé tuiscint, meas agus, níos tábhachtaí ná rud ar bith eile, síocháin.

3RD PLACE: SEOSAMH Ó COINNE

ST. MARY'S GRAMMAR SCHOOL, MAGHERAFELT

Cuidíonn foghlaim na dteangacha in gach aon áit i saol an duine, idir slíte beatha, scileanna cumarsáide agus i mo bharúil féin an rud is tábhachtaí, tuiscint ar chultúir eile.

Is cinnte gurb é teanga an gné is lárnaí i gcultúr ar bith, de bhrí go bhfuil teangacha ceangailte le gach uile gné den chultúr féin, le cur i gcás, bíonn nasc ollmhór ann idir an Ghaeilge agus amhránaíocht ar an tsean-nós. Mura mbeadh Gaeilge agat, ní bheifeá ábalta ciall na n-amhrán a thuiscint. Sin aon teanga amháin, síltear go bhfuil níos mó ná seacht míle teanga ar domhan. Smaoinigh ar an mhéad traidisiún atá iontu ar fud an domhain agus iad ar fáil duit nuair nach bhfuil faitíos ort roimh fhoghlaim!

Ar phointe eile, ní hé an Béarla an t-aon teanga a labhraítear go forleathan. Nuair atá teanga eile, mar shampla, Gearmáinis foghlamtha agat, thig leat comhrá a thosú leis na milliúin cainteoirí. Níl ort bheith ag brath ar do theanga dhúchais féin, go háirithe agus tú ar laethanta saoire thar sáile. Fiú nach bhfuil tú sa stát ina labhraítear an teanga sin, b'fhéidir go bhfuil cainteoir ann fosta le chuidiú leat.

Is iad litríocht agus scannánaíocht nua cinn de na rudaí is fearr bainte le teangacha eile, go háirithe nuair is teanga coitianta é, cosúil le Spáinnis. Déantar na mílte scannáin mhaithe sa Spáinnis gach bliain, sa Spáinn agus i Meiricea Theas. Agus i dtaca leis na leabhair, thig leat bheith ábalta leabhair chlasaiceacha a léamh, cosúil le 'Le Comte de Monte-Cristo', ina mháthairtheanga, Fraincis, mar is ceart. Seo iontach tábhachtach, de bhrí nach n-aistrítear gach aon leabhar go Béarla. Mar thoradh air seo, beidh i bhfad níos mó deiseanna agat do shiamsaíocht má bhíonn bua an ilteangachais agat.

Mar fhocail scoir, is fíor a rá go bhfuil foghlaim na dteangacha iontach tábhachtach agus mairfidh tionchar na dteangacha ar do shaol go deo!